Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**9257/25**
**ADD 5**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0408 (COD)**

**JUSTCIV 101**
**ECOFIN 585**
**COMPET 405**
**JAI 652**
**CODEC 656**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú<br>- Cur chuige ginearálta<br>- Ráiteas ón mBeilg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an ráiteas ón mBeilg atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle.

**Ráiteas Náisiúnta ón mBeilg**
**maidir leis an Togra le haghaidh Treoir maidir le**
**gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta a chomhchuibhiú**
**Cur Chuige Ginearálta**

Tacaíonn an Bheilg go hiomlán le cuspóir na treorach atá beartaithe. Neartóidh rialacha dócmhainneachta níos comhchuibhithe Aontas na Margaí Caipitil.

Tacaíonn an Bheilg freisin le cosaint na gcreidiúnaithe.

Mar sin féin, táimid suite de go bhfuil an cuspóir maidir leis na creidiúnaithe a chosaint níos tábhachtaí ná na modhanna chun é sin a bhaint amach, mar shampla coiste creidiúnaithe dá bhforáiltear i dTeideal VII.

Tacaíonn an Bheilg go láidir leis an gcomhchuibhiú, ach ní ar bhealach docht. Chuireamar béim ar an gcuspóir seachas ar na hacmhainní.

Creidimid nach mór córas náisiúnta dea-fheidhmiúil, córas atá níos gasta, níos éifeachtúla agus níos saoire, agus lena bhforáiltear do na ráthaíochtaí céanna do na creidiúnaithe mar a mholtar sa téacs, a aithint mar chóras coibhéiseach leis an téacs.

I gcás ina bhforáiltear cheana sa reachtaíocht náisiúnta do chosaint creidiúnaithe, ba cheart go leanfadh soláthar coiste creidiúnaithe de bheith roghnach.

Sin é an fáth gurb oth leis an mBeilg nach n-aithnítear sa téacs córais náisiúnta choibhéiseacha lena gcosnaítear leasanna na gcreidiúnaithe agus foráiltear le Teideal VII go mbeidh coiste na gcreidiúnaithe éigeantach do na Ballstáit.

Measaimid go bhfuil na heasnaimh thuasluaite suntasach.

Leis an méid sin, staonann an Bheilg ón vótáil maidir le glacadh na Treorach.